Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 3 Deireadh Fómhair 2025
(OR. en)**

**13519/25**

**FIN 1149**

## NÓTA CLÚDAIGH

| | |
|---|---|
| ó: | Piotr SERAFIN, Comhalta den Choimisiún Eorpach |
| dáta a fuarthas: | 3 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Nicolai WAMMEN, Uachtarán Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | BUDGET DEC(2025) 16 |
| Ábhar: | Togra maidir le haistriú leithreasuithe Uimh. DEC 16/2025 laistigh de Roinn III – an Coimisiún – den bhuiséad ginearálta do 2025 |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad BUDGET DEC(2025) 16.

---

Faoi iamh: BUDGET DEC(2025) 16

AN COIMISIÚN EORPACH

AN BHRUISÉIL, 03/10/2025

BUISÉAD GINEARÁLTA - 2025
ROINN III - TEIDIL AN CHOIMISIÚIN: 16, 30

AISTRIÚ LEITHREASUITHE UIMH. **DEC 16/2025**

---

**ÓN gCAIBIDIL SEO A LEANAS:**

**CAIBIDIL -** 3004 Sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)

| | | |
|---|---|---|
| MÍR - 30 04 01 01 An Cúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta | Gealltanais | -927 926 981,00 |
| | Íocaíochtaí | -927 926 981,00 |

**GO DTÍ:**

**CAIBIDIL -** 1602 Slógadh sásraí dlúthpháirtíochta (ionstraimí speisialta)

| | | |
|---|---|---|
| MÍR — 16 02 01 01 Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) | Gealltanais | 927 926 981,00 |
| | Íocaíochtaí | 927 926 981,00 |

# I. LAGHDÚ

## I.1

### a) Ceannteideal

**30 04 01 01 - Cúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta**

### b) Figiúirí an 15/9/2025

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 1 117 064 638,00 | 1 117 064 638,00 |
| 2 Leithreasuithe sa bhuiséad (arna dtabhairt anonn ó bhlianta roimhe sin) | 181 389 165,00 | 181 389 165,00 |
| 3 Aistrithe | -370 077 316,00 | -370 077 316,00 |
| 4 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2+3) | 928 376 487,00 | 928 376 487,00 |
| 5 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 0,00 | 0,00 |
| **6 Leithreasuithe atá ar fáil (4-5)** | **928 376 487,00** | **928 376 487,00** |
| **7 An laghdú a mholtar** | **927 926 981,00** | **927 926 981,00** |
| **8 Iomlán na leithreasuithe suas go dtí deireadh na bliana (6-7)** | **449 506,00** | **449 506,00** |
| 9 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad [7/(1+2)] | 71,46 % | 71,46 % |
| 10 An laghdú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 15/9/2025 | 0,00 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe leis an laghdú

De bhun Airteagal 9 den Rialachán maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil, tá dhá ionstraim sa Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála, ionstraimí is féidir a úsáid chun na nithe seo a leanas, faoi seach, a mhaoiniú:

a) cúnamh chun freagairt ar chásanna éigeandála a eascraíonn as tubaistí móra a chumhdaítear le Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh, a leagtar amach na cuspóirí agus an raon feidhme atá leis i Rialachán (CE) Uimh. 2012/2002 ón gComhairle (‘Ciste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh’); agus

b) mearfhreagairtí a thabhairt ar riachtanais shonracha éigeandála laistigh den Aontas nó i dtríú tíortha arna n-eascairt as imeachtaí nach bhféadfaí a thuar nuair a bunaíodh an buiséad, go háirithe le haghaidh práinnfhreagairtí agus oibríochtaí tacaíochta tar éis tubaistí nádúrtha nach gcumhdaítear le pointe (a), tubaistí de dhéanamh an duine, géarchéimeanna daonnúla i gcásanna ina bhfuil bagairtí mórscála ar an tsláinte phoiblí, bagairtí mórscála tréidliachta nó fíteashláintíochta, chomh maith le cásanna ina mbeidh brú faoi leith ag teorainneacha seachtracha an Aontais de bharr sreafaí imirce, i gcás ina n-éilíonn na himthosca amhlaidh (an ‘Cúlchiste um Chabhair Éigeandála’).

Le pointe 10 de Chomhaontú Idirinstitiúideach an 16 Nollaig 2020 idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir leis an smacht buiséadach, comhar in ábhair bhuiséadacha agus bainistíocht fhónta airgeadais, agus maidir le hacmhainní dílse nua freisin, lena n-áirítear treochlár i dtreo acmhainní dílse nua a thabhairt isteach (IIA), leagtar síos na módúlachtaí le haghaidh shlógadh Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE) i gcomhthéacs an Chúlchiste um Dhlúthpháirtíocht agus Cabhair Éigeandála.

Áirítear ar an aistriú atá beartaithe leithreasuithe arna gcur ar fáil an 1 Deireadh Fómhair i gcomhréir le hAirteagal 3(7) de Rialachán CDAE agus le hAirteagal 9(2), an dara fomhír, de Rialachán CAI leasaithe. 25 % de leithdháileadh bliantúil CDAE atá sna leithreasuithe sin agus EUR 291,8 milliún don bhliain airgeadais 2025 atá iontu.

## II. MÉADÚ

### II.1

### a) Ceannteideal

**16 02 01 01 - Cúnamh do na Ballstáit i ndáil le himeachtaí atá incháilithe faoi Chiste Dlúthpháirtíochta an Aontais Eorpaigh (CDAE)**

### b) Figiúirí an 15/9/2025

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe sa bhuiséad (Buiséad Tosaigh + Buiséad Leasaitheach) | 50 000 000,00 | 50 000 000,00 |
| 2 Leithreasuithe sa bhuiséad (arna dtabhairt anonn ó bhlianta roimhe sin) | 12 926 997,00 | 12 926 997,00 |
| 3 Aistrithe | 324 212 395,00 | 324 212 395,00 |
| 4 Iomlán na leithreasuithe le haghaidh na bliana (1+2+3) | 387 139 392,00 | 387 139 392,00 |
| 5 Leithreasuithe a úsáideadh cheana | 139 754 683,00 | 139 754 683,00 |
| **6 Leithreasuithe atá ar fáil (4-5)** | **247 384 709,00** | **247 384 709,00** |
| **7 An méadú a iarradh** | **927 926 981,00** | **927 926 981,00** |
| **8 Iomlán na leithreasuithe suas go dtí deireadh na bliana (6+7)** | **1 175 311 690,00** | **1 175 311 690,00** |
| 9 An laghdú mar chéatadán de na leithreasuithe sa bhuiséad [7/(1+2)] | 1 474,61 % | 1 474,61 % |
| 10 An méadú, mar chéatadán de na leithreasuithe deiridh le haghaidh na bliana, ar shuim na n-aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 30(1)(b) den Rialachán Airgeadais | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### c) Fáltais a eascraíonn as aisghabháil (arna dtabhairt anonn ón mbliain roimhe)

| | Gealltanais | Íocaíochtaí |
|---|---|---|
| 1 Leithreasuithe ar fáil ag tús na bliana | 0,00 | 0,00 |
| 2 Leithreasuithe ar fáil an 15/9/2025 | 0,00 | 0,00 |
| 3 Ráta cur chun feidhme [(1-2)/1] | neamhbhainteach | neamhbhainteach |

### d) Forais mhionsonraithe leis an méadú

I gcomhréir le hAirteagal 4a (4) de Rialachán CDAE, inscríobhadh EUR 50 milliún i mBuiséad Ginearálta 2025 (i ngealltanais agus in íocaíochtaí) le haghaidh réamhíocaíochtaí ar líne bhuiséid 16 02 01 01 a d'fhéadfadh a bheith ann a íoc, in éineacht le méid EUR 12,9 milliún, arna dtabhairt anonn ón mbliain airgeadais 2024. Le DEC 02/2025, aistríodh méid breise EUR 100 milliún ón gcúlchiste chun an réamhíocaíocht leis an Spáinn i ndáil leis na tuilte DANA in Valencia a chumhdach, agus le DEC 10/2025, aistríodh méid EUR 224,2 milliún chun cúnamh a thabhairt don Ostair, don Pholainn, don tSeicia, agus don tSlóvaic tar éis na dtuilte a tharla i Lár agus in Oirthear na hEorpa i mí Mheán Fómhair 2024.

In 2025, tá ceithre réamhíocaíocht déanta ag an gCoimisiún freisin. Áirítear orthu sin EUR 10,7 milliún leis an Ostair le haghaidh na dtuilte a tharla i mí Mheán Fómhair 2024, EUR 100 milliún leis an Spáinn le haghaidh na dtuilte DANA (DEC 02/2025), agus dhá íocaíocht leis an bhFrainc, ar iomlán EUR 29,1 milliún le haghaidh an dá chioclón a bhuail Mayotte (mí na Nollag 2024) agus La Réunion (mí Feabhra 2025).

Dá bhrí sin, tá EUR 247,4 milliún i leithreasuithe atá ar fáil sa líne oibríochtúil, agus de sin tá EUR 224,2 milliún curtha i leataobh le haghaidh na hOstaire, na Polainne, na Seicia, agus na Slóvaice (DEC 10/2025), rud a fhágann go bhfuil iarmhéid EUR 23,2 milliún ann.

Agus na réamhíocaíochtaí a íocadh cheana féin á gcur san áireamh, iarrtar an t-aistriú atá beartaithe de EUR 927,9 milliún i leithreasuithe faoi chomhair gealltanas agus leithreasuithe faoi chomhair íocaíochtaí ón gCúlchiste Eorpach Dlúthpháirtíochta chuig líne bhuiséid oibríochtúil CDAE chun íocaíocht an iarmhéid leis an Spáinn agus leis an bhFrainc a chumhdach tar éis a n-iarrataí ar chúiteamh airgeadais ó CDAE, mar thoradh ar na tuilte DANA a tharla in 2024 agus na cioclóin a bhuail Mayotte in 2024 agus La Réunion in 2025.

**ANNEX**

**COMMISSION TRANSFER PROPOSALS RELATED TO THE EUROPEAN SOLIDARITY RESERVE IN 2025**

The table below shows the transfer proposals transmitted to the Budgetary Authority to date during 2025, which relate to the European Solidarity Reserve (ESR), and the remaining amount under the ESR reserve following the approval of these proposals, including any carried over appropriations.

| Content | TOTAL | *European Solidarity Reserve* | *European Solidarity Fund operational line 16 02 01 01* | *European Solidarity Fund operational line 16 02 01 02* |
|---|---|---|---|---|
| **(1) General Budget 2025 - Initial appropriations** | **1.361.380.800** | **1.298.453.803** | **62.926.997** | |
| *(2) Out of which, voted budget 2025, main allocation* | ***825.298.478*** | *825.298.478* | | |
| *(3) Out of which, voted budget 2025 - EUSF advances (Article 4a EUSF Regulation)* | ***50.000.000*** | | *50.000.000* | |
| *(4) Out of which, carried over appropriations* | ***194.316.162*** | *181.389.165* | *12.926.997* | |
| *(5) Out of which, end of year cushion (until 30/09)* | ***291.766.160*** | *291.766.160* | | |
| **(6) Advance payments** | **-139.754.683** | **-100.000.000** | **-39.754.683** | |
| *(7) Out of which, DEC 02/2025 transfer proposal* | | *-100.000.000* | *+100.000.000* | |
| *(8) Out of which, payment of advances to Spain* | ***-100.000.000*** | | *-100.000.000* | |
| *(9) Out of which, payment of advances to Austria (*)* | ***-10.663.587*** | | *-10.663.587* | |
| *(9) Out of which, payment of advances to France (*)* | ***-29.091.096*** | | *-29.091.096* | |
| **(10) Mobilisation of the European Union Solidarity Fund to provide assistance to Austria, Poland, the Czech Republic, Slovakia, Moldova and Bosnia and Herzegovina relating to floods occurred in 2024. COM(2025) 250** | **-270.077.316** | **-270.077.316** | | |
| *(11) DEC accompanying Mobilisation COM(2025) 250 - DEC 10/2025* | | *-270.077.316* | *+224.212.395* | *+45.864.921* |
| *(11.1) Payment to Austria, Poland, the Czech Republic, and Slovakia* | | | *-224.212.395* | |
| *(11.2) Payment to Moldova and Bosnia and Herzegovina* | | | | *-45.864.921* |
| **(12) Mobilisation of the European Union Solidarity Fund to provide assistance to Spain (Valencia) and France (Mayotte and Réunion) relating to floods occurred in 2024 and 2025. COM(2025) 855** | **-927.926.981** | **-927.926.981** | | |
| *(13) DEC accompanying Mobilisation COM(2025) 855 - DEC 16/2025* | | | +927.926.981 | |
| *(13.1) Payment to Spain* | | | *-846.153.691* | |
| *(13.1) Payment to France* | | | *-81.773.290* | |
| **Remainder (1) + (6) + (10)** | **23.261.820** | **449.506** | **23.172.314** | |

(*) On 29 November 2024. Austria requested an advance payment of EUR 10 663 587 from the EUSF in relation to the floods occurred in September 2024. Similarly, France requested advance payments of a total of EUR 29 091 096 for Mayotte and Réunion which were awarded on 20 May 2025 and 5 August 2025 respectively. These amounts were consumed directly from the appropriations already available on the EUSF operational budget line.